



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.4.2013
COM(2013) 226 final

2013/0117 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. [...] [ÍD], Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.] agus Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair] maidir lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá an Coimisiún Eorpach ag obair go dian chun comhaontú a bhaint amach idir institiúidí an AE maidir leis an athchóiriú ar an CBT le go mbeidh an CBT athchóirithe in ann teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2014.

Agus é mar chuspóir aige comhaontú a bhaint amach idir na hInstitiúidí maidir leis an CAI agus comhaontú polaitiúil a bhaint amach maidir leis an athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) roimh shamhradh 2013, foráiltear go dtiocfaidh an bonn dlí don CBT athchóirithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014.

Tá rialacha idirthréimhseacha de dhíth, áfach, chun socruithe teicniúla a shainiú lena mbeifear in ann oiriúnú do na dálaí nua gan stró, agus leanúnachas a áirithiú ag an am céanna ó thaobh na gcineálacha difriúla tacaíochta faoin CBT.

I dtaca le híocaíochtaí díreacha, is gá a ndóthain ama a bheith ar fáil le go mbeidh Ballstáit, agus go háirithe na gníomhaireachtaí iontu a dhéanann íocaíochtaí, an-ullmhaithe agus leis na mionsonraí a chur in iúl d'fheirmeoirí maidir le rialacha nua a ndóthain ama roimh ré. Dá bhrí sin, caithfear leis na héilimh don bhliain 2014 faoi rialacha idirthréimhseacha.

Maidir leis an dara colún, is é an dea-chleachtas é rialacha idirthréimhseacha a shainiú idir an dá thréimhse cláraithe. Go ginearálta, bíonn rialacha idirthréimhseacha de dhíth chun t-athrú ó thréimhse cláraithe go tréimhse cláraithe leantach a dhéanamh, mar a tharla cheana féin ag tús na tréimhse cláraithe reatha. I gcás na forbartha tuaithe, áfach, an uair seo bhí gá freisin le roinnt socruithe idirthréimhseacha sonracha, go háirithe chun déileáil leis na himpleachtaí atá ag an moill leis an gcóras nua d'íocaíochtaí díreacha ar bhearta áirithe forbartha tuaithe, go háirithe maidir leis an mbunlíne do bhearta agra chomhshaoil agus aeráide agus maidir le cur i bhfeidhm na rialacha tras-chomhlíonta. Tá socruithe idirthréimhseacha de dhíth freisin lena áirithiú go mbeidh Ballstáit in ann leanúint orthu ag tabhairt gealltanais nua do bhearta a bhaineann le limistéir agus le hainmhithe in 2014, fiú amháin má tá na hacmhainní don tréimhse reatha ídithe. Beidh na gealltanais nua sin, chomh maith le gealltanais leanúnacha chomhfhreagracha, incháilithe ó chláir airgeadais nua chláir forbartha tuaithe na chéad tréimhse cláraithe eile.

Maidir leis an rialachán cothrománach, tá an gá le bearta idirthréimhseacha teoranta don FAS, CCRR agus do thras-chomhlíonadh, i ngeall ar an nasc atá acu leis na híocaíochtaí díreacha.

I bhfianaise na méide thuas, is gá go nglacfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa rialacha idirthréimhseacha sonracha roimh dheireadh na bliana, lena leasófar gníomhartha bunúsacha reatha an CBT más gá.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

I dtaca leis na rialacha idirthréimhseacha, ní raibh gá le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ná le measúnú tionchair toisc go leanann na coigeartuithe sin ó staid an phlé idir na hInstitiúidí maidir leis an CAI agus an t athchóiriú ar an CBT.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Ar an gcéad dul síos, i gcás íocaíochtaí díreacha, leis na bearta idirthréimhseacha déantar foráil maidir le síneadh ar phríomhghnéithe na scéimeanna atá ann cheana – SÍA, SÍAL, córais chúpláilte, chomh maith leis na scéimeanna sin arna ndeonú mar thacaíocht shonrach

faoi Airteagal 68 – don bhliain éilimh 2014. Ar an dara dul síos, cuimsíonn siad, faoi réir comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa, na tionchair airgeadais ó chonclúidí na Comhairle Eorpaí, an 8 Feabhra, lena n-áirítear tús an phróisis chóineasaithe sheachtraigh. Tá sé intuigthe, agus bearta idirthréimhseacha á dtabhairt isteach, go mbeidh gá roinnt de na dátaí atá cuimsithe sa togra ón gCoimisiún maidir le tacaíocht dhíreach tar éis 2013 a chur in oiriúint dá réir, d'fhonn comhsheasmhacht leis an dréacht-Rialachán seo a áirithiú.

Maidir le forbairt tuaithe, beidh gá le rialacha idirthréimhseacha a bhunú chun an chaoi a ndéanfaí na bearta reatha a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad tréimhse cláraithe eile a shainiú, lena n-áirítear maoiniú na mbeart sin ón gclúdach airgeadais nua. Chomh maith leis sin, sainítear sna rialacha sin na rialacha bonnlíne agus tras-chomhlíonta is ceart feidhm a bheith acu in 2014. Ar deireadh, bunaítear forálacha idirthréimhseacha i ndáil leis an gCróit sna rialacha sin.

Tá forálacha sna bearta idirthréimhseacha freisin maidir le féidearthacht na mBallstát cistí a aistriú idir cholúin. Is gné den athchóiriú ar an CBT a bheidh le cinneadh leis an ngnáthnós imeachta reachtach é sásra solúbthachta den sórt sin. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle um Thalmhaíocht araon seasamh maidir leis an gceist seo, ar an 13 Márta 2013 agus ar an 19 Márta 2013 faoi seach. Cé gur ghlac an Chomhairle chuici conclúidí na Comhairle Eorpaí maidir leis an CAI, mhéadaigh PnaE na céatadáin a bhí beartaithe ag an gCoimisiún go 15 % i gcás aistrithe chuig an dara colún agus 10 % i gcás aistrithe chuig an gcéad cholún; ní cheadófaí aistrithe mar sin chuig an gcéad cholún ach do na Ballstáit sin ina bhfuil an mheáníocaíocht níos lú ná 90 % de mheán an AE. Lena léiriú go bhfuil an togra seo gan dochar don chinneadh deiridh a dhéanfaidh an reachtas maidir leis an ngné shonrach seo, cuireadh na codanna den Airteagal atá san áireamh sna bearta idirthréimhseacha atá difriúil ó Airteagal 14 den togra ón gCoimisiún maidir le tacaíocht dhíreach tar éis 2013 idir lúibíní cearnógacha.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ní dhéanann an dréacht-Rialachán seo ach na tograí ón gCoimisiún maidir leis an CAI agus an t athchóiriú ar an CBT don bhliain airgeadais 2013 a chur chun feidhme, ag cur conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 8 Feabhra 2013, san áireamh. Cuimsítear cóineasú seachtrach na n-íocaíochtaí díreacha, solúbthacht idir cholúin an CBT agus an ráta cómhaoinithe i dtaca le forbairt tuaithe leis. Cuireadh na gnéithe nua a eascraíonn as conclúidí na Comhairle Eorpaí idir lúibíní cearnógacha ar feitheamh ar chomhaontú deiridh maidir leis an CAI.

Maidir le híocaíochtaí díreacha, is ionann conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 8 Feabhra 2013, i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, agus laghdú EUR 830 milliún (i bpraghsanna an lae inniu) sa bhliain airgeadais 2015 (ag comhfhreagairt don bhliain éilimh 2014 le haghaidh íocaíochtaí díreacha). Cuirtear san áireamh cóineasú seachtrach i ndáileadh uasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha i measc Ballstát toisc gur cheart tús a bheith curtha leis an gcóineasú ón mbliain airgeadais 2015. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, déantar fráma ama an chóineasaithe (6 bliana) a mhodhnú agus cuirtear íostearainn de 196 EUR/ha isteach atá le baint amach faoin mbliain airgeadais 2020.

I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, tá méadú ar an tsolúbthacht idir cholúin i gcomhréir le conclúidí na Comhairle Eorpaí. Beidh sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de toisc go gcuirfear na suimeanna ceannann céanna a laghdófar ó Chiste amháin (CERT nó CETFT) ar fáil don Chiste eile (CERT nó CETFT).

I dtaca le forbairt tuaithe, tá sé mar aidhm ag an dréacht-Rialachán seo leanúnachas roinnt beart a bhfuil gealltanais ilbhiantúla i gceist leo a áirithiú. Níl aon tionchar airgeadais ag na forálacha sin toisc nach ndéantar athrú ar mhéid an leithdháilte d'fhorbairt tuaithe.

D'fhéadfadh sé go mbeadh dáileadh na n-íocaíochtaí le himeacht ama beagán difriúil ná mar a bheadh amhlaidh ina mhalairt de chás ach ní féidir cainníochtú a dhéanamh air ag an tráth seo. Tá sonraí faoi thionchar airgeadais an togra leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis na tograí.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. [FT] maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. [ÍD], Rialachán (AE) Uimh. [Coth.] agus Rialachán (AE) Uimh. [CEM Aonair] maidir lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)³, a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014, leagtar síos rialacha a rialaíonn tacaíocht an Aontais d'fhorbairt tuaithe agus aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)⁴, gan dochar do chur i bhfeidhm leanúnach na Rialachán lena gcuirtear an Rialachán sin chun feidhme go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a aisghairm. Chun an t-aistriú ó na scéimeanna tacaíochta atá ann faoi láthair faoi Rialachán (CÉ) Uimh. 1698/2005 chuig an gcreat dlí nua a chumhdóidh an tréimhse cláraithe a thosóidh an 1 Eanáir 2014 (“an tréimhse cláraithe nua”) a éascú, ba cheart rialacha idirthréimhseacha a ghlacadh d'fhonn aon deacracht nó aon mhoill maidir le cur chun feidhme na tacaíochta forbartha tuaithe a sheachaint, ar deacrachtaí nó moilleanna iad a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh ar an uair a ghlacfar na cláir forbartha tuaithe nua. Ar an gcúis sin, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeidh Ballstáit in ann leanúint ar aghaidh ag tabhairt gealltanais dhlíthiúla faoina gclár forbartha tuaithe reatha in 2014 i gcás bearta áirithe agus go mbeidh an caiteachas a bheidh ann dá bharr incháilithe le haghaidh tacaíochta sa tréimhse cláraithe nua.

¹ IO C , , lch.

² IO C , , lch.

³ IO L [...], [...], lch. [...].

⁴ IO L 277, 21.10.2005, lch. 1.

- (2) I bhfianaise an athraithe mhóir atá beartaithe don tréimhse cláraithe atá le teacht maidir leis an modh chun limistéir a theorannú ina bhfuil bacainní suntasacha nádúrtha, ba cheart foráil a dhéanamh, i gcás gealltanais dlíthiúil nua a thabharfar in 2014, nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid ar an bhfeirmeoir leanúint ar aghaidh i mbun feirmeoireachta sa limistéar ar feadh 5 bliana.
- (3) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i rith an aistrithe, ba cheart foráil a dhéanamh gur cheart caiteachas, a dhéanfar de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 faoi bhearta a bhaineann le limistéir agus faoi bhearta a bhaineann le hainmhithe, a bheith incháilithe do ranníocaíocht ón CETFT sa tréimhse cláraithe nua má tá íocaíochtaí fós le déanamh. Ar mhaithe le bainistíocht fhóna airgeadais agus cur chun feidhme éifeachtach na gclár, ba cheart caiteachas den sórt sin a shainaithint go soiléir sna cláir forbartha tuaithe agus ar fud chórais bhainistithe agus rialaithe na mBallstát. D'fhoill castacht nach bhfuil gá léi a sheachaint sa bhainistíocht airgeadais ar chlár forbartha tuaithe sa tréimhse cláraithe nua, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag rátaí cómhaoinithe na tréimhse cláraithe nua maidir le caiteachas idirthréimhseach.
- (4) Le Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta [ÍD]⁵, bunaítear scéimeanna tacaíochta nua agus tá feidhm le bheith aige ón 1 Eanáir 2014. Mura gcuirfí an Rialachán i bhfeidhm go dtí an dáta sin, ní fhéadfaí na socruithe riaracháin agus praiticiúla is gá chun iarratais don bhliain 2014 a thaisceadh a bhunú in am. Ar an gcúis sin, is gá cur i bhfeidhm an chórais nua le haghaidh íocaíochtaí díreacha a chur ar atráth de bhliain amháin. Dá bhrí sin, ba cheart go leanfadh Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta díri d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe d'fheirmeoirí⁶ de bheith ina bhonn fós le tacaíocht ioncaim a thabhairt d'fheirmeoirí sa bhliain féilire 2014, agus [Rialachán lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil]⁷ á chur san áireamh mar is iomchuí.
- (5) Toisc go mbeidh Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 fós i bhfeidhm in 2014 agus d'fhoill comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le tras-chomhlíonadh agus urramú na gcaighdeán atá riachtanach do bhearta áirithe, is gá foráil a dhéanamh go leanfaidh na forálacha áirithe atá i bhfeidhm sa tréimhse cláraithe 2007-2013 d'fheidhm a bheith acu go dtí go dtiocfaidh an creat reachtach nua i bhfeidhm. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart foráil a dhéanamh go leanfaidh na forálacha a bhaineann le híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit, atá i bhfeidhm in 2013, d'fheidhm a bheith acu.
- (6) De bhun Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, beidh Ballstáit in ann na híocaíochtaí díreacha a réamh-íoc. Faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, is gá don Choimisiún féidearthacht den sórt sin a údarú. Is léir ó thaithí ar bheith ag cur scéimeanna tacaíochta díri chun feidhme gurb iomchuí cead a thabhairt d'fheirmeoirí réamhíocaíochtaí a fháil. Maidir le hiarratais a dhéanfar in 2014, ba cheart na réamhíocaíochtaí sin a theorannú go suas le 50 % de na

⁵ IO L [...], [...], lch. [...].

⁶ IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

⁷ IO L [...], [...], lch. [...].

⁸ IO L [...], [...], lch. [...].

scéimeanna tacaíochta atá sa liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus suas le 80 % den íocaíocht mhairteola agus laofheola.

- (7) D'fhonn [an Rialachán lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil]a urramú, agus go háirithe an cothromú ar an méid atá ar fáil chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'fheirmeoirí chomh maith leis an sásra cóineasaithe sheachtraigh, is gá na huasteorainneacha náisiúnta atá socraithe in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a mhodhnú don bhliain 2014. Ar ndóigh, beidh tionchar ag an modhnú ar na huasteorainneacha náisiúnta ar na méideanna a fhéadfaidh feirmeoirí aonair a fháil mar íocaíochtaí díreacha in 2014. Ba cheart, mar sin, an chaoi ina mbeidh tionchar ag an modhnú seo ar luach na dteidlíochtaí ar íocaíochtaí agus ar leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha eile a leagan síos.
- (8) Léirigh an taithí airgeadais a fuarthas agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 á chur chun feidhme go raibh gá le forálacha áirithe a shoiléiriú, go háirithe i ndáil leis na gnéithe arna gcumhdach ag na figiúirí atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin agus an nasc leis an bhféidearthacht a thugtar do Bhallstáit na cistí nach gcaitear sa scéim íocaíochta aonair a úsáid chun an tacaíocht shonrach a mhaoiniú. Toisc gur ghá Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a mhodhnú d'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh ar Bhallstáit na héagsúlachtaí sna huasteorainneacha náisiúnta a chur san áireamh, is iomchuí an deis seo a thapú chun foclaíocht na bhforálacha ábhartha a shoiléiriú.
- (9) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, bhí sé de rogha ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh céatadán áirithe dá n-uasmhéid náisiúnta a úsáid mar thacaíocht shonrach dá bhfeirmeoirí, chomh maith le cinneadh roimhe sin a athbhreithniú trí chinneadh a dhéanamh an tacaíocht sin a mhodhnú, nó deireadh a chur léi. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú breise ar na cinntí sin le héifeacht ón mbliain féilire 2014. Ag an am céanna, na coinníollacha speisialta faoina n-íoctar an tacaíocht shonrach i mBallstáit áirithe de bhun Airteagal 69(5) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, atá le dul in éag in 2013, is gá iad a shíneadh ar feadh bliana amháin eile, d'fhonn aon chur isteach ar mhéid na tacaíochta a sheachaint.
- (10) Scéim idirthréimhseach is ea an scéim íocaíochta aonair limistéir atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus bhí deireadh le cur léi an 31 Nollaig 2013. Toisc nach gcuirfear scéim nua na híocaíochta bunúsaí in ionad na scéime íocaíochta aonair ach ón 1 Eanáir 2015 i leith, is gá an scéim íocaíochta aonair limistéir a shíneadh don bhliain 2014 le nach mbeidh ar Bhallstáit nua an scéim íocaíochta aonair a chur i bhfeidhm ar feadh aon bhliana amháin.
- (11) Le cur ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar riachtanais a n-earnálacha talmhaíochta nó a mbeartas forbartha tuaithe a threisiú ar bhealach níos solúbtha, ba cheart an fhéidearthacht a fhágáil acu cistí a aistriú óna n-uasmhéideanna íocaíochta dírí chuig an tacaíocht atá acu atá sannta don fhorbairt tuaithe agus ón tacaíocht atá sannta don fhorbairt tuaithe chuig a n-uasmhéideanna íocaíochta dírí. Ag an am céanna, ba cheart caoi a thabhairt do na Ballstáit ina bhfuil leibhéal na tacaíochta dírí níos lú ná 90 % den mheánleibhéal tacaíochta san Aontas, cistí breise a aistriú ón tacaíocht atá sannta don fhorbairt tuaithe go dtí na huasmhéideanna d'íocaíochtaí díreacha. Ba cheart roghanna den sórt sin a dhéanamh, laistigh de theorainneacha áirithe, aon uair amháin agus do thréimhse iomlán na mblianta airgeadais 2015-2020.
- (12) De réir Airteagal 22 de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht

Chomhphobail i réimse an bheartais uisce⁹, déanfar Treoir 80/68/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1979 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe¹⁰ a aisghairm ón 22 Nollaig 2013. D'fhone na rialacha faoi thras-chomhlíonadh a bhaineann le cosaint screamhuisce a choimeád, is iomchuí raon feidhme an thras-chomhlíonta a choigeartú agus caighdeán um riocht maith talmhaíochta agus comhshaoil a shainiú a chuimseoidh ceanglais Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 80/68/CEE.

- (13) Tá foráil i Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ maidir le comhtháthú na tacaíochta do thógáil seiriceán sa chóras tacaíochta dírí agus é a bhaint ó Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair] dá bharr. I bhfianaise na moille ar chur i bhfeidhm an chórais nua tacaíochta dírí, is iomchuí foráil a dhéanamh go leanfaidh de chabhair a thabhairt in earnáil na seiriceán ar feadh bliana amháin eile.
- (14) Thairis sin, na forálacha maidir leis an gcóras comhairleach feirme, an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe agus an tras-chomhlíonadh atá leagtha síos i dTeideal III, i gCaibidil II de Theideal VI agus i dTeideal VI faoi seach de Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air¹², ba cheart feidhm a bheith leo ón 1 Eanáir 2015.
- (15) Tar éis Airteagal 136a a chur isteach i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus ionadú a dhéanamh ar Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. [ÍD], a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2015, is gá tagairtí d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] i Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] a leasú.
- (16) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, (AE) Uimh. [...] [ÍD], Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.], Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair] agus Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] a leasú dá réir,
- (17) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014. D'fhone aon fhorluí a sheachaint idir na rialacha maidir le solúbthacht idir na colúin atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus i Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] arna leasú ag an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag an leasú áirithe sin ar Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus go mbeidh feidhm ag na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. [ÍD], lena n-áirítear nach gcuirfear i bhfeidhm é go dtí an 1 Eanáir 2015, ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. [ÍD]. Lena chois sin, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 73/2009 ón 22 Nollaig 2013.

⁹ IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

¹⁰ IO L 20, 26.1.1980, lch. 43.

¹¹ IO L [...], [...], lch. [...].

¹² IO L [...], [...], lch. [...].

CAIBIDIL 1

Forálacha idirthréimhseacha maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe

Airteagal 1

Gealltanais dhlíthiúla faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 in 2014

1. De mhaolú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT], i gcás na mbeart d'Airteagal 36(a)(i) go (v) agus (b)(iv) agus (v) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, féadfaidh Ballstáit leanúint orthu agus gealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt do thairbhíthe in 2014 de bhun na gclár forbartha tuaithe a glacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 fiú tar éis acmhainní airgeadais na tréimhse cláraithe 2007-2013 a bheith ídithe, go dtí go nglacfar an clár forbartha tuaithe faoi seach don tréimhse cláraithe 2014-2020. Beidh an caiteachas arna thabhtú ar bhonn na ngealltanais seo incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo.
2. Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll sa dara fleasc d'Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle¹³ maidir le gealltanais nua a thabharfaidh Ballstáit faoi Airteagal 36(a)(i) agus (ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 in 2014.

Airteagal 2

Cur i bhfeidhm leanúnach Airteagal 50a agus Airteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005

De mhaolú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT], leanfaidh Airteagal 50a agus Airteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 d'fheidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2014 maidir le hoibríochtaí a roghnófar faoi na cláir forbartha tuaithe sa tréimhse cláraithe 2014-2020 de bhun Airteagal 22(1)(a) agus (b) de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] maidir leis an bpréimh bhliantúil agus Airteagail 29 go 32, 34 agus 35 den Rialachán sin.

Airteagal 3

Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais

1. De mhaolú ar Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT], beidh caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla do thairbhíthe, a thugtar faoi na bearta in Airteagal 36(a)(i) go (v) agus (b)(iv) agus (v) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 agus Airteagal 36(b)(i) agus (iii) den Rialachán sin maidir leis an bpréimh bhliantúil, beidh an caiteachas sin incháilithe ranníocaíocht a fháil ón CETFT sa tréimhse cláraithe 2014-2020 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) le haghaidh íocaíochtaí a dhéanfar idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2015, más rud é go bhfuil an leithdháileadh airgeadais don bheart lena mbaineann den chlár atá i gceist a glacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ídithe cheana féin; agus

¹³ IO L 160, 26.6.1999, lch. 80.

- (b) le haghaidh íocaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis an 31 Nollaig 2015.
- 2. Beidh an caiteachas dá dtagraítear i mír 1 incháilithe ranníocaíocht a fháil ón CETFT sa tréimhse cláraithe 2014-2020 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) beidh foráil maidir le caiteachas den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe faoi seach sa tréimhse cláraithe 2014-2020;
 - (b) beidh feidhm ag ráta ranníocaíochta an CETFT don bheart comhfhreagrach faoi Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
 - (c) áiritheoidh Ballstáit go ndéanfar na hoibríochtaí idirthréimhseacha ábhartha a shainaithint go soiléir lena gcóras bainistíochta agus rialaithe.

Airteagal 4

Feidhm a bheith ag forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2014

- 1. Don bhliain 2014, léifear an tagairt do Chaibidil I de Theideal VI de Rialachán (AE) Uimh. [Coth.] in Airteagail 29, 30, 31 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] mar thagairt d'Airteagal 5 agus d'Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus d'Iarscríbhinn II agus d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis.
- 2. Don bhliain 2014, léifear an tagairt in Airteagal 40a(1) de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] d'Airteagal 17a de Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] mar thagairt d'Airteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009. Don bhliain chéanna, léifear an tagairt in Airteagal 40a(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] d'Airteagal 16a de Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] mar thagairt d'Airteagal 121 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

CAIBIDIL 2

Leasuithe

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 73/2009

- 1. Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 mar seo a leanas:
 - (1) In Airteagal 29, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"5. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstáit réamh-íocaíochtaí a íoc, ón 16 Deireadh Fómhair 2014 i leith, le feirmeoirí de suas le 50 % de na híocaíochtaí díreacha faoi na scéimeanna tacaíochta atá sa liosta in Iarscríbhinn I i ndáil le hiarratais a dhéanfar in 2014.

Maidir leis na híocaíochtaí mairteola agus laofheola dá bhforáiltear in Roinn 11 de Chaibidil 1 de Theideal IV, féadfaidh Ballstáit an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhéadú de suas le 80 %."
 - (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

Uasteorainneacha náisiúnta

1. Do gach Ballstát agus do gach bliain, beidh luach iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta leithdháilte, an chúltaca náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41 agus na n-uasmhéideanna arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 51(2) agus Airteagal 69(3) cothrom leis an uasmhéid náisiúnta faoi seach arna socrú in Iarscríbhinn VIII.
2. Más gá, déanfaidh Ballstát laghdú/méadú líneach ar luach gach teidlíochta ar íocaíocht agus/nó ar mhéid an chúltaca náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41 d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir leis an uasmhéid arna shocrú in Iarscríbhinn VIII.
3. Gan dochar d'Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. [Coth.] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, ní bheidh méideanna na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú i mBallstát i ndáil leis an mbliain féilire 2014 faoi Airteagail 34, 52, 53 agus 68 den Rialachán seo agus don chúnamh do thógálaithe seiriceán faoi Airteagal 111 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, ní sháróidh siad na huasteorainneacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo don bhliain sin. Más gá, agus d'fhonn na huasteorainneacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a chomhlíonadh, déanfaidh Ballstáit laghdú líneach ar mhéideanna na n-íocaíochtaí díreacha i ndáil leis an mbliain féilire 2014.

* IO L ..., ..., lch.

- (3) In Airteagal 51(2), cuirtear an fomhír seo a leanas isteach:

"Don bhliain 2014, beidh na huasteorainneacha do na híocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 52 agus Airteagal 53 comhionann leis na huasteorainneacha arna socrú don bhliain 2013, iolraithe faoi chomhéifeacht arna ríomh do gach Ballstát lena mbaineann tríd an uasteorainn náisiúnta do 2014 atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a roinnt faoin uasteorainn náisiúnta don bhliain 2013. Ní bheidh feidhm ag an iolrú seo ach maidir le Ballstáit ina mbeidh an uasteorainn náisiúnta atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII don bhliain 2014 níos ísle ná an uasteorainn náisiúnta don bhliain 2013."

- (4) In Airteagal 68(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

"8. Faoi ...¹⁴, féadfaidh na Ballstáit a rinne an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 69(1) athbhreithniú a dhéanamh air agus cinneadh a dhéanamh, a mbeidh éifeacht leis ó 2014, an méid seo a leanas a dhéanamh:"

- (5) Leasaítear Airteagal 69 mar seo a leanas:

- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh, faoin 1 Lúnasa 2009, 1 Lúnasa 2010, 1 Lúnasa 2011, 1 Meán Fómhair 2012 nó faoi [...] ¹⁵, go n-úsáidfí, ón mbliain tar éis an chinnidh sin, suas le 10 % dá n-uasmhéid náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40 nó, i gcás

¹⁴ IO [please insert the date one month from the date of application of this Regulation.]

¹⁵ IO [please insert the date one month from the date of application of this Regulation.]

Mhálta, go n-úsáidfí méid de EUR 2 000 000, chun an tacaíocht shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 68(1) a thabhairt, nó i gcás cinneadh arna dhéanamh faoin [...], go n-úsáidfí na méideanna sin ón mbliain 2014.";

- (b) I mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Chun comhlíonadh na n-uasteorainneacha náisiúnta a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 40(2) agus chun an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 41(1) a dhéanamh, agus chun na gcríoch sin amháin, déanfar na méideanna a úsáidtear chun an tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 68(1) a dheonú a bhaint den uasteorainn náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 40(1). Áireofar iad mar theidlíochtaí ar íocaíochtaí leithdháilte. "

- (c) Sa chéad abairt de mhír 5, cuirtear "2014" in ionad "2013";

- (d) I mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Chun comhlíonadh na n-uasteorainneacha náisiúnta a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 40(2) agus chun an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 41(1) a dhéanamh, agus chun na gcríoch sin amháin, má bhaineann Ballstát úsáid as an rogha dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, ní áireofar an méid lena mbaineann mar chuid de na huasteorainneacha arna socrú faoi mhír 3 den Airteagal seo."

- (6) In Airteagal 90, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Socrófar méid na cabhrach in aghaidh an heicteáir a bhunú trí na fáiltais arna mbunú i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

An Bhulgáir: EUR [520,20]

An Ghréig: EUR [234,18]

An Spáinn: EUR [362,15]

An Phortaingéil: EUR [228,00]."

- (7) In Airteagal 122, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beidh an scéim íocaíochta aonair limistéir ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2014."

- (8) In Airteagal 131, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh na Ballstáit nua, agus an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu, cinneadh a dhéanamh faoin 1 Lúnasa 2009, an 1 Lúnasa 2010, an 1 Lúnasa 2011, an 1 Meán Fómhair 2012 nó faoin [...¹⁶], go n-úsáidfí, ón mbliain tar éis an chinnidh sin, nó i gcás cinneadh arna dhéanamh roimh [...¹⁷], ón mbliain 2014, suas le 10 % dá n-uasmhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 40 chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí mar atá leagtha amach in Airteagal 68(1) agus i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal III, de réir mar is infheidhme dóibh."

- (9) I dTeideal VI, cuirtear isteach Airteagal 136a mar seo a leanas:

¹⁶ IO [please insert the date one month from the date of application of this Regulation.]

¹⁷ IO [please insert the date one month from the date of application of this Regulation.]

Solúbthacht idir cholúin

- "1. Roimh an ...¹⁸, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh suas le [15] % dá n-uasmhéid náisiúnta do na blianta féilire 2014 go 2019, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo don bhliain 2014 agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, do na blianta 2015-2019, a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi chláraigrú forbartha tuaithe arna maoiniú faoin CETFT mar a shonraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le híocaíochtaí díreacha a dheonú.

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún roimh an dáta dá dtagraítear san fhomhír sin.

Beidh an céatadán a chuirfear in iúl i gcomhréir leis an dara fhomhír mar an gcéanna i gcás gach bliain dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Féadfaidh [Ballstáit] nach mbaineann úsáid as an deis faoi mhír 1, [cinneadh a dhéanamh roimh an ...¹⁹ suas le [15] % den mhéid atá leithdháilte mar thacaíocht do bhearta faoi chláraigrú forbartha tuaithe arna maoiniú faoin CETFT sa tréimhse 2015-2020 mar atá sonraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. [ÍD]]. Féadfaidh an Bhulgáir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn cinneadh a dhéanamh [10 %] [breise] den mhéid atá leithdháilte faoi fhorbairt tuaithe a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh beart tacaíochta faoi chláraigrú forbartha tuaithe.

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún roimh an dáta dá dtagraítear san fhomhír sin.

Beidh an céatadán a chuirfear in iúl i gcomhréir leis an dara fhomhír mar an gcéanna i gcás gach bliain dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1.

3. D'fhonn na cinntí a dtabharfaidh na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 141a lena ndéanfar athbhreithniú ar na huasteorainneacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII.

* IO L ..., ..., lch.

** IO L ..., ..., lch.

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 141a:

¹⁸ IO [please insert the date 7 days from the date of entry into force of this Regulation].

¹⁹ IO [please insert the date 7 days from the date of entry into force of this Regulation].

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11a a thabhairt don Choimisiún ón 1 Meán Fómhair 2012 go dtí an 31 Nollaig 2014. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 136a(3) a thabhairt don Choimisiún ón [...] ²⁰] go dtí an 31 Nollaig 2014.
 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11a agus in Airteagal 136a(3) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
 4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11a agus Airteagal 136a(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle."
- (11) Leasaítear Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. [...] [ÍD]

Leasaítear Rialachán (UE) Uimh. [...] [ÍD] mar seo a leanas:

- (1) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
 - "2. D'fhonn forbairtí maidir le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí atá ann mar thoradh ar chinntí arna ndéanamh ag Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 136a de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus Airteagal 14 den Rialachán seo agus iad siúd atá ann mar thoradh ar an dara mír d'Airteagal 17b den Rialachán seo a chur i bhfeidhm, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha

²⁰ IO [please insert the date 7 days from the date of entry into force of this Regulation].

tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na huasteorainneacha náisiúnta atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo."

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"Airteagal 14

Solúbthacht idir choluín

- "1. Roimh an ...²¹, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh suas le [15] % dá n-uasmhéideanna náisiúnta do na blianta féilire 2014 go 2019, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 don bhliain 2014 agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo do na blianta 2015-2019, a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi chláraegrú forbartha tuaithe arna maoiniú faoin CETFT mar a shonraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT]. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le híocaíochtaí díreacha a dheonú.

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún roimh an dáta dá dtagraítear san fhomhír sin.

Beidh an céatadán a chuirfear in iúl i gcomhréir leis an dara fhomhír mar an gcéanna i gcás gach bliain dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Féadfaidh [Ballstáit] nach mbaineann úsáid as an deis faoi mhír 1, [cinneadh a dhéanamh roimh an ...²² suas le [15] % den mhéid atá leithdháilte mar thacaíocht do bhearta faoi chláraegrú forbartha tuaithe arna maoiniú faoin CETFT sa tréimhse 2015-2020 mar atá sonraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus faoin Rialachán seo]. Féadfaidh an Bhulgáir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn cinneadh a dhéanamh [10 %] [breise] den mhéid atá leithdháilte faoi fhorbairt tuaithe a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh beart tacaíochta faoi chláraegrú forbartha tuaithe.

Cuirfear an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún roimh an dáta dá dtagraítear san fhomhír sin.

Beidh an céatadán a chuirfear in iúl i gcomhréir leis an dara fhomhír mar an gcéanna i gcás gach bliain dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1."

- (3) In Airteagal 57(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre:

"Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i ndáil le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2015."

- (4) In Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fhomhír:

"Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2015.

²¹ IO [please insert the date 7 days from the date of entry into force of this Regulation].

²² IO [please insert the date 7 days from the date of entry into force of this Regulation].

Beidh feidhm ag Airteagail 20(5), 22(6), 35(1), 37(1) agus 39 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, áfach.

Airteagal 7

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.]

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 115 de Rialachán (CE) Uimh. [...] [Coth.]:

"Airteagal 115

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014, ach amháin mar seo a leanas:

- (a) Beidh feidhm ag Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 9 ón 16 Deireadh Fómhair 2013;
- (b) Beidh feidhm ag Airteagail 18, 42, 43 agus 45 ón 16 Deireadh Fómhair 2013 i dtaca le caiteachas arna thabhu ón 16 Deireadh Fómhair 2013;
- (c) Beidh feidhm ag Teideal III, Caibidil II de Theideal V agus Teideal VI ón 1 Eanáir 2015. "

Airteagal 8

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair]

In Airteagal 163(1) de Rialachán (CE) Uimh. [...] [CEM Aonair], cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

- "(h) Airteagal 111 [Airteagal 155 de Rialachán (AE) Uimh. COM(2010)799], go dtí an 31 Márta 2015."

Airteagal 9

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT]

In Airteagal 64 de Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT], cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

- "4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme, miondealú bliantúil de réir an Bhallstáit ar na méideanna dá dtagraítear i mír 1, tar éis an méid dá dtagraítear i mír 2 a bhaint díobh, agus ag cur san áireamh aistrithe na gcistí dá dtagraítear in Airteagal 136a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle*.

Agus an miondealú bliantúil á dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) critéir chuspóireacha atá nasctha leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4; agus
- (b) feidhmíocht san am a chuaigh thart.

5. I dteannta na méideanna dá dtagraítear i mír 4, áireofar sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír sin na cistí arna n-aistriú chuig an CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 136a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. [ÍD] agus na cistí arna n-aistriú chuig an CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 10b agus Airteagal 136 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 i ndáil leis an mbliain féilire 2013.

* IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

CAIBIDIL 3

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin:

- beidh feidhm ag pointe (9) agus pointe (10) d'Airteagal 5 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;
- beidh feidhm ag pointe (11) d'Airteagal 5 den Rialachán seo maidir le hIarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón 22 Nollaig 2013; agus
- beidh feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. [...] [ÍD].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Comhghaol idir na hAirteagail maidir le bearta a bhaineann le hainmhithe agus bearta a bhaineann le limistéar faoi na tréimhsí cláraithe 2007-2013 agus 2014-2020

Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005	Rialachán (AE) Uimh [...] [FT]
Airteagal 36(a)(i) agus (ii) Íocaíochtaí i leith míbhuntáistí nádúrtha le feirmeoirí i gceantair sléibhe agus Íocaíochtaí le feirmeoirí i gceantair lena mbaineann míbhuntáistí nach ceantair sléibhe iad	Airteagal 32 Íocaíochtaí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile orthu
Airteagal 36(a)(iii) Íocaíochtaí Natura 2000 agus íocaíochtaí a bhaineann le Treoir 2000/60/CE	Airteagal 31 Íocaíochtaí Natura 2000 agus na Creat-Treorach Uisce
Airteagal 36(a)(iv) Íocaíochtaí agra-chomhshaoil	Airteagal 29 Agra-chomhshaoil-aeráid
Airteagal 36(v) Íocaíochtaí leasa ainmhithe	Airteagal 34 Leas ainmhithe
Airteagal 36(b)(i) agus (iii) Foraoisiú ar thalamh talmhaíochta den chéad uair agus Foraoisiú ar thalamh neamhthalmhaíochta den chéad uair	Airteagal 22(1)(a) Coillearnacha a fhoraoisiú agus a chruthú
Airteagal 36(b)(iv) Íocaíochtaí Natura 2000	Airteagal 31 Íocaíochtaí Natura 2000 agus na Creat-Treorach Uisce
Airteagal 36(b)(v) Íocaíochtaí foraoise-comhshaoil	Airteagal 35 Seirbhísí foraoise-comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise

IARSCRÍBHINN II

Déantar Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a leasú mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, Pointe A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'Comhshaol':

"1	Treoir 97/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 103, 25.4.1979, lch. 1)	Airteagal 3(1), Airteagal 3(2)(b), Airteagal 4(1), (2) agus (4) agus Airteagal 5(a), (b) agus(d)
2	Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, agus sloda séarachais á úsáid sa talmhaíocht (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6)	Airteagal 3
3	Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1)	Airteagal 4 agus Airteagal 5
4	Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).	Airteagal 6 agus Airteagal 13(1)(a)"

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "Cosaint agus bainistiú uisce":

"Cosaint agus bainistiú uisce:	- Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí ⁽¹⁾	
Uisce a chosaint i gcoinne truaillithe agus reatha chun srutha, agus úsáid uisce a bhainistiú	-I gcás ina bhfuil úsáid uisce le haghaidh uisciúcháin faoi réir údarú, na nósanna imeachta údarúcháin a chomhlíonadh.	
	Na bearta atá leagtha síos san Aguisín	

⁽¹⁾ Tabhair faoi deara: Caithfidh na stiallacha maoláin, idir mhaoláin atá laistigh de na limistéir leochaileacha arna sainiú de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 91/676/CEE agus mhaoláin atá lasmuigh díobh, ar a laghad na ceanglais a bhaineann le leasachán a leathadh ar thalamh atá gar d'uiscebhealaí a chomhlíonadh, ceanglais dá dtagraítear i bpointe A.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le cláir ghníomhaíochta na mBallstát arna mbunú faoi Airteagal 5(4) de Threoir 91/676/CEE."

(b) Cuirtear isteach an tAguisín seo a leanas:

"AGUISÍN

A. Bearta a bhaineann le liosta I

Déanfaidh na Ballstáit:

- gach sceitheadh díreach de shubstaintí i liosta I a thoirmeasc,
- aon diúscairt nó líonadh talún chun críche diúscairthe de na substaintí seo a bhféadfadh sceitheadh neamhdhíreach a bheith mar thoradh air a chur faoi réir imscrúdaithe roimh ré. I bhfianaise an imscrúdaithe sin, déanfaidh Ballstáit gníomhaíocht den sórt sin a thoirmeasc nó údaróidh siad í ar choinníoll go mbainfear leas as gach réamhchúram teicniúil is gá chun sceitheadh den sórt sin a chosc,
- gach beart oiriúnach a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun aon sceitheadh neamhdhíreach de substaintí i liosta I a chosc, de

thoradh gníomhaíochtaí ar an talamh nó sa talamh seachas iad sin a luaitear sa dara fleasc.

Má léiríonn imscrúdú roimh ré, áfach, go bhfuil an screamhuisce ina bhfuil sé beartaithe substaintí i liosta I a sceitheadh neamhoiriúnach go buan d'úsáidí eile, go háirithe d'úsáidí baile nó talmhaíochta, féadfaidh Ballstáit diúscairt na substaintí sin a údarú ar choinníoll nach gcuirtear bac ar shaothrú acmhainní talún de bharr iad a bheith ann.

Ní fhéadfar sin a údarú ach más rud é go ndearnadh gach réamhchúram teicniúil chun a áirithiú nach féidir leis na substaintí sin córais uisceacha eile a bhaint amach ná damáiste a dhéanamh d'aon éiceachóras eile.

Féadfaidh Ballstáit, tar éis imscrúdú roimh ré, sceitheadh de thoradh uisce a úsáidtear chun críoch geoiteirmeach, uisce arna chaidéalú as mianacha agus cairéil nó uisce arna chaidéalú i gcomhair oibreacha innealtóireachta sibhialta a ath-instealladh san uisce céanna a údarú.

B. Bearta a bhaineann le liosta II

Cuirfidh Ballstáit na nithe seo a leanas faoi réir imscrúdaithe roimh ré:

- gach sceitheadh díreach de shubstaintí i liosta II, ar mhaithe le sceitheadh den sórt sin a theorannú,
- diúscairt nó líonadh talún chun críche diúschartha de na substaintí sin a bhféadfadh sceitheadh neamhdhíreach a bheith mar thoradh air.

I bhfianaise an imscrúdaithe sin, féadfaidh Ballstáit údarú a dheonú, ar choinníoll go ndéanfar gach réamhchúram chun truailliú screamhuisce leis na substaintí sin a chosc.

Lena chois sin, déanfaidh Ballstáit na bearta oiriúnacha a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun gach sceitheadh neamhdhíreach de substaintí i liosta II a chosc, de thoradh gníomhaíochtaí ar an talamh nó sa talamh, seachas iad sin a luaitear sa chéad mhír.

LIOSTA I D'FHINTE AGUS GRÚPAÍ SUBSTAINTE DÁ dTAGRAÍTEAR I ROINN A

I liosta I tá na substaintí aonair a bhaineann leis na finte agus grúpaí substaintí dá n-áirítear thíos, seachas iad sin a mheastar a bheith neamhoiriúnach do liosta I bunaithe ar bhaol íseal tocsaineachta, inchoimeádachais agus bithbhailithe.

Tá na substaintí sin atá oiriúnach do liosta II ó thaobh tocsaineachta, inchoimeádachais agus bithbhailithe le haicmiú i liosta II.

1. Comhdhúile orgánahalaigine agus substaintí a d'fhéadfadh comhdhúile den sórt sin a dhéanamh sa timpeallacht uisceach
2. Comhdhúile orgánafosfair
3. Comhdhúile orgánastáin
4. Substaintí a bhfuil airíonna carcanaigineacha, só-ghineacha nó teiritigineacha acu sa timpeallacht uisceach nó tríd an timpeallacht sin (*)

5. Mearcair agus a chomhdhúile
6. Caidmiam agus a chomhdhúile
7. Olaí mianracha agus hidreacarbóin
8. Ciainídí

LIOSTA II D'FHINTE AGUS GRÚPAÍ SUBSTAINTÍ DÁ dTAGRAÍTEAR I ROINN B

I liosta II tá na substaintí aonair agus na catagóirí substaintí a bhaineann leis na finte agus grúpaí substaintí atá sa liosta thíos a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar screamhuisce.

1. Na miotalóidigh agus miotail seo a leanas agus a gcomhdhúile:
 1. Sinc
 2. Copar
 3. Nicil
 4. Cróm
 5. Luaidhe
 6. Seiléniam
 7. Arsanaic
 8. Antamón
 9. Molaibdéineam
 10. Tíotáiniam
 11. Stán
 12. Bairiam
 13. Beirilliam
 14. Bórón
 15. Úráiniam
 16. Vanaidiam
 17. Cóbalt
 18. Tailliam
 19. Teallúiriam
 20. Airgead.
2. Bithicídí agus a ndíorthaigh nach bhfuil i liosta I.
3. Substaintí a bhfuil éifeacht dhochrach acu ar bhlas agus/nó ar bholadh screamhuisce, agus comhdhúile a d'fhéadfadh substaintí den sórt sin a dhéanamh in uisce den sórt sin agus é a fhágáil neamhoiriúnach lena chaitheamh ag an duine.
4. Comhdhúile tocsaineacha nó imchoimeádacha sileacain, agus substaintí a d'fhéadfadh substaintí den sórt sin a dhéanamh in uisce, seachas iad sin atá neamhdhíobhálach ó thaobh na bitheolaíochta de nó a thiontaítear ina substaintí atá neamhdhíobhálach ó thaobh na bitheolaíochta de go tapa san uisce.
5. Comhdhúile neamhorgánacha fosfair agus fosfar eiliminteach.
6. Fluairídí.
7. Amóinia agus nítrítí

- (*) I gcás inar substaintí carcanaigineacha, só-ghineacha nó teiritigineacha iad substaintí áirithe i liosta II, cuirtear san áireamh iad i gcatagóir 4 den liosta seo iad."

- (3) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin don bhliain 2014:

"Tábla 1
(EUR 1000)

Ballstát	2014
An Bheilg	[544 047]
An Danmhairg	[926 075]
An Ghearmáin	[5 178 178]
An Ghréig	[2 063 187]
An Spáinn	[4 833 647]
An Fhrainc	[7 586 341]
Éire	[1 216 547]
An Iodáil	[3 953 394]
Lucsamburg	[33 661]
An Ísiltír	[793 319]
An Ostair	[693 716]
An Phortaingéil	[557 667]
An Fhionlainn	[523 247]
An tSualainn	[696 487]
An Ríocht Aontaithe	[3 548 576]

Tábla 2(*)
(EUR 1000)

An Bhulgáir	[642 103]
Poblacht na Seice	[875 305]
An Eastóin	[110 018]
An Chipir	[51 344]
An Laitvia	[168 886]
An Liotuáin	[393 226]
An Ungáir	[1 272 786]
Málta	[5 239]
An Pholainn	[2 970 020]
An Rómáin	[1 428 531]
An tSlóivéin	[138 980]
An tSlóvaic	[377 419]
(*) Uasteorainneacha arna ríomh ag cur sceideal na n-incrimintí dá bhforáiltear in Airteagal 121 san áireamh."	

RÁITEAS AIRGEADAIS		FS/13/ 344471Rev1			
		6.15.2013			
		DÁTA: 25.03.2013			
1. CEANNTEIDEAL BUISÉID:					
05 03 Cabhracha díreacha 05 04 Forbairt Tuaithe					
2. TEIDEAL:					
Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. [...] [FT] maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. [...] [ÍD], Rialachán (AE) Uimh. [...] [Coth.] agus Rialachán (AE) Uimh. [...] [CEM Aonair] maidir lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014					
3. BUNÚS DLÍ:					
Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.					
4. AIDHMEANNA:					
Leis an rialachán seo, leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le cur i bhfeidhm íocaíochtaí díreacha i dtaca leis an mbliain 2014 agus maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe.					
5.	IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS	TRÉIMHSE 12 MHÍ (EUR milliún)	BLIAIN AIRGEADAIS REATHA 2013 (EUR milliún)	BLIAIN AIRGEADAIS INA DHIAIDH SIN 2014 (EUR milliún)	
5.0	CAITEACHAS - ARNA GHEARRADH AR BHUISÉAD AN AE (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA) - AR ÚDARÁIS NÁISIÚNTA - EILE				
5.1	IONCAM - ACMHAINNÍ DÍLSE AN AE (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM) - ACMHAINNÍ NÁISIÚNTA				
5.0.1	CAITEACHAS MEASTA	2015 EUR -830 milliún.	2016	2017	2018
5.1.1	IONCAM MEASTA				
5.2	MODH RÍOMHA: Féach na Nótaí				
6.0	AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASUITHE A CUIREADH ISTEACH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA?				n.b.
6.1	AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ IDIR CHAIBIDLÍ AN BHUISÉID REATHA?				n.b.
6.2	AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH?				NÍ BHEIDH
6.3	AN GÁ LEITHREASUITHE A CHUR ISTEACH I mBUISÉID SA TODHCHAÍ?				NÍ GÁ

BARÚLACHA:

Déanann an ráiteas airgeadais seo comhlánú ar ráiteas airgeadais na dtograí um athchóiriú an CBT (COM(2012)551, COM(2012)552, COM(2012)553) agus ba cheart é a léamh in éineacht leis.

Tá sé mar aidhm ag an dréachtrialachán seo roinnt gnéithe de na scéimeanna atá ann cheana a shíneadh, ag cuimsiú tionchar chomhaontú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) ar chóineasú seachtrach na n-íocaíochtaí díreacha, solúbthacht idir cholúin an CBT agus an ráta cómhaoinithe forbartha tuaithe. Níl aon iarmhairt airgeadais ann féin toisc nach ndéanann an dréacht-Rialachán seo ach na tograí ón gCoimisiún maidir leis an CAI agus athchóiriú an CBT a chur chun feidhme, ag cur conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 8 Feabhra 2013, san áireamh. Cuireadh na gnéithe nua a eascraíonn as conclúidí na Comhairle Eorpaigh an 8 Feabhra 2013 idir lúibíní cearnógacha ar feitheamh chomhaontú deiridh maidir leis an CAI.

Maidir le híocaíochtaí díreacha, beidh cóineasú seachtrach agus solúbthacht idir cholúin infheidhme ón mbliain airgeadais 2015 (ag comhfhreagairt don bhliain éilimh 2014 d'íocaíochtaí díreacha). I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún agus a ráiteas airgeadais, is ionann conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 8 Feabhra 2013, agus laghdú de EUR 830 milliún (i bpraghsanna reatha) d'íocaíochtaí díreacha sa bhliain éilimh 2014 (EUR 5 mhilliún don íocaíocht shonrach don chadás agus EUR 825 milliún d'Iarscríbhinn VIII).

Maidir le solúbthacht idir cholúin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar airgeadais fós toisc go mbeidh ar na Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena n-aistrithe níos déanaí i mbliana. I gcás ar bith, beidh an tsolúbthacht neodrach ó thaobh an bhuiséid de toisc go gcuirfear na suimeanna ceannann céanna a laghdófar ó Chiste amháin (CERT nó CETFT) ar fáil don Chiste eile (CERT nó CETFT).

I dtaca le forbairt tuaithe, tá sé mar aidhm ag an dréacht-Rialachán seo leanúnachas roinnt beart a bhfuil gealltanais ilbhliantúla i gceist leo a áirithiú. I gcás na mbeart sin freisin, tá sé beartaithe leis an dréacht Rialachán, i gcás gealltanais arna dtabhairt i rith 2007-2013, go bhféadfadh an caiteachas comhfhreagrach a bheith incháilithe tar éis 2015 (má tá íocaíochtaí le déanamh) faoin tréimhse cláraithe nua, nó roimhe sin nuair a bheidh an leithdháileadh airgeadais reatha ídithe. Níl aon tionchar airgeadais ag na forálacha sin toisc nach ndéantar athrú ar mhéid an leithdháilte d'fhorbairt tuaithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh dáileadh na n-íocaíochtaí le himeacht ama beagán difriúil ná mar a bheadh amhlaidh ina mhalairt de chás ach ní féidir cainníochtú a dhéanamh air ag an tráth seo.